

Cód Smachta

Réasúnacht

Shocraigh an scoil athbhreithniú a dhéanamh ar Cód Smachta na scoile mar go bhfuil foireann úr sa scoil ó leagadh amach an chéad Cód Smachta agus ba mhaith linn cinntiú go bhfuil polasaí éifeachta ag an scoil.

An Gaol le spiorad saineúil na scoile

Is é meon na scoile nó go mbeadh atmaisféar socair sa scoil a thugann aitheantas do chearta achán pháiste oideachas a fháil i dtimpeallacht sláintiúil, sábháilte agus go mbeadh comhoibriú idir an fhoireann agus na daltaí.

Aidhmeanna

Seo a leanas na h-aidhmeanna atá ag an scoil maidir le Cód Smachta:

- Go ligfear don scoil feidhmiú ar bhealach ordúil, socair.
- Go gcuirfear leis an timpeallacht fhoghlama ina dtig le páiste dul chun cinn a dhéanamh.
- A chinntiú go bhfuil sábháilteacht agus leas na mball go léir ag pobal na scoile.
- Go mbeadh cúram an smachta ina rang féin ag gach mhúinteoir agus freagracht iomlán ó thaobh smacht sa scoil ag an bpríomhoide.
- Chun meas do chearta gach duine a chothú i measc na bpáistí agus go dtuigfidh siad go bhfuil rialacha agus dea-iompar riachtanach chun sonas agus tairbhe a bhaint as a gcuid oideachas.
- Go mbeadh meas agus bród ag gach duine orthu féin, ar dhaoine eile, ar a dtimpeallacht agus ar an oideachas, ar a bpobal agus ar a gcultúr féin.
- Féin mhuinín agus féin mheas a chothú sna páistí.

Rialacha

Seo a leanas na treoirínte atá ag an scoil le cinntiú go bhfuil atmaisféar dearfach slán, sábháilte, sa rang, sa chlos agus i dtimpeallacht na scoile.

1. An Ghaeilge

Is í an Ghaeilge teanga gnó agus cumarsáide na scoile ar fad. Is í an Ghaeilge an teanga caidreamh idir na múinteoirí agus na daltaí agus caithfidh na páistí an Ghaeilge a labhairt eatarthu féin i gcónaí.

2. Éide Scoile

Caithfidh éide scoile iomlán a bheith ar na páistí gach lá.

- Geansaí glas na scoile
- Léine liath
- Bríste, sciorta liath (Tá cead ag cailíní bríste a chaitheamh)
- Carbhat glas agus liath
- Cóta scoile
- Éide spóirt na scoil (do lá corpoideachas/lá spóirt)

3. Poncúlacht

Caithfidh cloí le amanna na scoile. Caithfidh na páistí a bheith sa scoil ag 9.30.

4. Lón Sláintiúil

Caithfidh gach páiste lón sláintiúil a bheith leo na scoile
Níl cead, críospaí, brioscaí, milseáin, deochanna milse, guma coganta a bheith leis na páistí na scoil.

5. Fón Póca

Níl cead fón póca a bheith na scoile leis na páistí ach amháin fá choinne ábhar ranga don teicneolaíocht, le cead an mhúinteora.

6. Dea-iompar

Sa Rang

- Cuirtear fáilte roimh chuariteoir ar bith a thig isteach sa rang agus caithfidh na páistí múineadh maith a thaispeáint.
- Caithfidh gach páiste aird a thabhairt sa rang i gcónaí agus oibriú go dícheallach, gan a bheith ag cur am an rang amú.

- Má bhíonn ar an múinteoir an rang a fhágáil caithfidh na páistí fanacht ina suí agus a bheith ciúin.
- Caithfidh na páistí meas agus urraim a thaispeáint do gach duine atá i bhfeidhm ranga.
- Caithfidh an obair bhaile a bheith déanta go néata gach oíche.
- Ní cheadaítear rudaí a chaitheamh sa rang.
- Níl cead a bheith ag luascadh ar chathaoireacha.
- Ó thaobh sábháilteacht agus néatacht de ní cheadaítear buidéal Tippex a bheith in úsáid.

Sa Chlós

- Nuair a bhuaitear an chlog siúlfaidh na páistí go ciúin go dtí na seomraí ranga agus suífidh siad síos.
- Ní cheadaítear cluichí contúirteach a imirt sa chlós.
- Faigheann na páistí as na hardranganna, faoi threoir an mhúinteoir, an liathróid nuair a theann sé thar an bhalla.
- Fanfaidh na páistí sa rang ar lá fliuch faoi chúram páistí Rang 6 agus an múinteoir atá ar dhualgas clóis.

Timpeallacht na Scoile

- Ní cheadaítear drochfhocla a rá.
- Ní ghlactar le bulaíocht de short ar bith agus cloífead leis an méid atá leagtha amach sa Polasaí Frith Bhulaíochta.
- Ní ghlacfar le páiste ar bith ag déanamh damáiste don scoil nó d'abhar dhaoine eile.
- Caithfead an scoil agus timpeallacht na scoil a choinneáil glan, néata agus saor ó bhruscair i gcónaí.
- Ní cheadaítear rith nó a bheith garbh san fhoirgneamh in am ar bith.
- Páiste ar bith a bhfuil orthu an scoil a fhágáil roimh a trí caithfidh nóta a bheith leo.
- Níl sé ceadaithe go mbeadh buidéal gloine leis na páiste.
- Bhéarfaidh na páistí sinsearach sampla maith agus cuirfidh siad comhairle ar na páistí óga m.sh má bhíonn siad thuas ar an bhalla.

Smachtbhannaí

Straitéisí a leanfar

- Labhairt leis an pháiste agus na rialacha a chur i gcuimhne do/di.
- Scarfar óna gcairde iad go sealadach.

- Tabharfar obair bhaile breise le nóta, le bheith sínithe ag tuismitheoir.
 - Cuirfear chuig an Príomhoide iad.
-
- Múna bhfuil biseach ar iompar an pháiste iarrfar ar tuismitheoir theacht isteach.
 - Cuirfear an páiste ar fionraí.

Dea-Iompar

Molfar na páistí agus na ranganna go rialta i ndiaidh dea-iompar agus gníomhaíochtaí dearfach.

Tabharfar réaltaí nó pointí mar dhuais mholta do na páistí sna bun/meán ranganna gach lá agus bíonn duais ag deireadh an téarma don tábla is fearr agus don páiste a rinne an iarracht is fearr an Ghaeilge a labhairt.

Tabharfar ticeanna mar dhuais mholta do na páistí sna h-aranganna. Nuair a bhíonn an mhéid is mó ‘tic’ ag rang airithe, faigheann siad oíche shaor ó obair bhaile.

Rólanna agus freagracht

Tá gach múinteoir freagrach as an Cód Iompar a chur i bhfeidhm.

Cuirfidh an Príomhoide eachtraí ar bith ós comhair an Bhord.

Caithfidh na daltaí cloí leis an méid atá leagtha amach sa pholasaí seo.

Caithfidh na tuismitheoirí tacaíocht a thabhairt don scoil agus iad ag cur an Cód Smachta i bhfeidhm.

Fráma Ama

Tá an Cód Smachta seo i bhfeidhm sa scoil. Shocraigh muid i 2017 go mbeidh an cod smachta curtha na bhaile mar pháirt den phacáiste atá tugtha do na naíonáin úra ar an lá oscailte sa tríú téarma agus é a bheith sínithe ag na tuismitheoirí/caomhnóirí.

